**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta*

**2022/2188(INI)**

19.7.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

maidir leis an tuarascáil cur chun feidhme maidir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe (2022/2188(INI))

Rapóirtéir don tuairim (*): Frances Fitzgerald

(*) (Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta)

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta ar an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar na coistí atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí go mbunaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair (TCA) a tugadh i gcrích idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe socruithe fabhracha i réimsí amhail trádáil in earraí agus i seirbhísí, maoin intleachtúil, trádáil dhigiteach, iompar de bhóthar agus eitlíocht, soláthar poiblí, fuinneamh, comhordú slándála sóisialta, forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, iascach, iomaíocht, soghluaisteacht, infheistíocht, comhar téamach agus rannpháirtíocht i gcláir AE, mar aon le eisceacht stuamachta;

B. de bhrí gur creat comhchoiteann do chaidreamh na Ríochta Aontaithe le AE iad an Comhaontú um Tharraingt Siar agus an Comhaontú Trádála agus Comhair; de bhrí gur chomhaontaigh agus gur dhaingnigh AE agus an Ríocht Aontaithe an dá chomhaontú agus gur conarthaí iad atá ceangailteach ó thaobh dlí faoin dlí poiblí idirnáisiúnta; de bhrí go bhfuil raon feidhme gan fasach ag an gComhaontú Trádála agus Comhair agus go bhfuil sé bunaithe ar chur chun feidhme iomlán an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar, a ndearnadh athbhreithniú air le Creat Windsor;

C. de bhrí go bhfuil forálacha lena n-áirithítear cothrom iomaíochta agus urraim do chearta an duine mar bhonn taca ag an gComhaontú Trádála agus Comhair; de bhrí go bhfuil sé i gceist leis na forálacha sin iomaíocht éagórach a chosc agus a áirithiú go gcoinneoidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe araon ardchaighdeáin i réimsí amhail cearta saothair, cosaint an chomhshaoil agus státchabhair;

D. de bhrí nach gcumhdaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair aon chinntí a bhaineann le coibhéis le haghaidh seirbhísí airgeadais, nó maidir le leormhaitheas chóras cosanta sonraí na Ríochta Aontaithe, saorghluaiseacht daoine agus seirbhísí, nó córas sláintíochta agus fíteashláintíochta na Ríochta Aontaithe;

E. de bhrí nach mbaineann soláthraithe seirbhíse na Ríochta Aontaithe, lena n-áirítear i réimse na seirbhísí airgeadais, tairbhe as an gcreat ‘tír thionscnaimh’ nó ‘nós imeachta an phas’ a thuilleadh, lena gcumasaítear rochtain uathoibríoch ar mhargadh aonair iomlán an Aontais;

F. de bhrí nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag aitheantas uathoibríoch cáilíochtaí gairmiúla, amhail do dhlíodóirí, do chuntasóirí agus d’achtúirí; de bhrí, ina ionad sin, go leagtar amach sa chomhaontú creat le haghaidh comhar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint, lena n-áirítear idirphlé a bhunú chun faisnéis a mhalartú maidir le nósanna imeachta aitheantais agus chun treoirlínte a fhorbairt chun cáilíochtaí a mheasúnú; á thabhairt dá haire go gcruthaíonn sé sin deacrachtaí ar leith ar oileán na hÉireann;

G. de bhrí, faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, nár cheart caitheamh le soláthraithe seirbhíse ná le hinfheisteoirí ón Aontas ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le hoibreoirí na Ríochta Aontaithe sa Ríocht Aontaithe agus a mhalairt; de bhrí go

bhfuil feidhm ag prionsabal an neamh-idirdhealaithe maidir le raon leathan gníomhaíochtaí eacnamaíocha, lena n-áirítear seirbhísí a sholáthar, gnólachtaí a bhunú agus cearta maoine intleachtúla a chosaint;

H. de bhrí, faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, go gcoinnítear an fhéidearthacht go mbeadh fostaithe ardoilte ar iasacht shealadach agus turais ghnó ghearrthéarmacha idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe; de bhrí go gceadaítear leis sin do ghairmithe seirbhísí trasteorann a sholáthar ar bhonn sealadach in imthosca áirithe, amhail le haghaidh tionscadail ghearrthéarmacha nó obair chomhairliúcháin; de bhrí go mbeidh ar ghairmithe rialacháin ábhartha a chomhlíonadh fós sa tír ina bhfuil seirbhísí á soláthar acu;

I. de bhrí go bhfuil margaí soláthair phoiblí na Ríochta Aontaithe fós ar oscailt do thairgeoirí AE agus a mhalairt ar bhonn cothrom; de bhrí nach mór don dá pháirtí a áirithiú go bhfuil an próiseas soláthair cothrom, trédhearcach agus oscailte d'iomaíocht; de bhrí gur chomhaontaigh an Ríocht Aontaithe agus an tAontas freisin a ngealltanais soláthair atá ann cheana a chothabháil faoi Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Soláthar Rialtais, lena n-osclaítear a margaí soláthair phoiblí do ghnólachtaí ó thíortha eile;

J. de bhrí go bhfuil an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tiomanta faoi láthair do chomhar rialála agus maoirseachta a chothabháil i réimse na seirbhísí airgeadais, agus gur cheart go mbeadh an cur chuige comhoibritheach sin mar bhonn taca don chaidreamh fadtéarmach idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe; de bhrí go gcuirfidh an Coimisiún síneadh lena chead sealadach lena gceadaítear do bhainc agus bainisteoirí cistí AE tithe imréitigh na Ríochta Aontaithe a úsáid; de bhrí, an 17 Bealtaine 2023, gur ghlac an Coimisiún dréachtmheabhrán Tuisceana idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach maidir le Comhar i Seirbhísí Airgeadais, a d'fhoilsigh agus a d'fhormhuinigh an Chomhairle agus atá sínithe anois ag an gCoimisiún thar ceann AE;

K. de bhrí go léirítear go soiléir leis an Meabhrán Tuisceana go bhfuil sé de chuspóir comhroinnte ag AE agus ag an Ríocht Aontaithe cobhsaíocht airgeadais, sláine an mhargaidh agus cosaint infheisteoirí agus tomhaltóirí a chaomhnú;

L. de bhrí go bhforáiltear leis gComhaontú Trádála agus Comhair agus leis an gComhaontú um Tharraingt Siar do chothrom iomaíochta in-fhorfheidhmithe, lena n-áirítear maidir le Státchabhair agus caighdeáin shóisialta agus chomhshaoil chun arbatráiste rialála i gcoinne leasanna an dá thaobh a chosc;

M. de bhrí go n-eisiatar le hAirteagal 774(3) don Chomhaontú Trádála agus Comhair a chur i bhfeidhm i gcríoch Ghiobráltar; de bhrí go bhfuil caibidlíochtaí ar siúl ó 2021 idir an Ríocht Aontaithe agus AE maidir le Giobráltar; de bhrí go leagtar síos i gComhaontú Polaitiúil an 25 Samhain 2018 idir an Coimisiún, an Chomhairle Eorpach agus Ríocht na Spáinne an oibleagáid nach mór comhaontú roimh ré ó Ríocht na Spáinne a bheith ag aon chinneadh a dhéanann difear do chríoch Ghiobráltar;

N. de bhrí, faoi Phrótacal Thuaisceart Éireann, go bhfanann Tuaisceart Éireann laistigh d'aontas custaim agus den mhargadh aonair le haghaidh earraí an Aontais, agus go bhfuil sé mar chuid de dhlínse tríú tír chun críocha trádála leis an gcuid eile den Ríocht Aontaithe freisin; de bhrí, dá bhrí sin, go gceanglaítear leis an bPrótacal go leanfaidh

Tuaisceart Éireann de bheith ailínithe le rialacha agus rialacháin áirithe AE, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le custaim, earraí agus státchabhair; de bhrí go mbeadh caingne a bhí faoi bhagairt roimhe sin ag an Ríocht Aontaithe chun deireadh a chur le dlínse Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar an bPrótacal, ar chuir an Coimisiún tús le himeachtaí um shárú i gcoinne na Ríochta Aontaithe ina leith, ina sárú ar an gComhaontú Trádála agus Comhair, go háirithe i ndáil le Prótacal Thuaisceart Éireann mar atá i mBille Prótacail Thuaisceart Éireann 2022;

1. ag tabhairt dá haire go bhfuair an tAcht um Rialú Fóirdheontais 2022[1], lena mbunaítear creat chun gealltanais idirnáisiúnta na Ríochta Aontaithe maidir le rialú fóirdheontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear iad siúd a thagann chun cinn faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, aontú Ríoga tar éis do Pharlaimint na Ríochta Aontaithe é a rith; ag athdhearbhú imní[2] an Choimisiúin maidir le pleananna sonraithe chun saorphoirt,-mar a thugtar orthu, a thabhairt isteach, rud a d’fhéadfadh na gealltanais sin a shárú agus a d’fhéadfadh a bheith ina Státchabhair neamhcheadaithe faoin gComhaontú Trádála agus Comhair[3]; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar an staid, lena n-áirítear maidir le sciúradh airgid, imghabháil cánach agus gníomhaíocht choiriúil, agus tús a chur le tuilleadh imeachtaí um shárú, más gá;

2. á chur i bhfáth, in ainneoin chur chun feidhme an Achta um Rialú Fóirdheontais 2022, gur gá d’údaráis na Breataine tuilleadh oibre a dhéanamh chun na gealltanais fóirdheontais faoin gComhaontú Trádála agus Comhair a chomhlíonadh go hiomlán, lena n-áirítear rialacháin nó bearta d’earnálacha sonracha; ag tabhairt dá haire gur tháinig Rialachán Fóirdheontais Eachtraigh AE i bhfeidhm i mí Iúil 2023[4];

3. á thabhairt dá haire go bhfuil an Comhaontú Trádála agus Comhair teoranta maidir le seirbhísí airgeadais; á aithint gur toradh í an easpa sin ar mhian na Ríochta Aontaithe gan réimsí leasa fhrithpháirtigh eile a phlé mar chuid de chaibidlíocht an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair; á chur in iúl gur geal léi na pleananna chun Fóram Comhpháirteach Rialála Airgeadais idir AE agus an Ríocht Aontaithe a bhunú chun idirphlé agus comhar maidir le saincheisteanna seirbhísí airgeadais a éascú[5]; á mheabhrú nach mbeadh an fóram sin ina chuid fhoirmiúil den Chomhaontú Trádála agus Comhair agus nár cheart dó an leibhéal céanna rochtana ná comhair a sholáthar le comhaontú cuimsitheach maidir le seirbhísí airgeadais;

4. á athdhearbhú go bhfuil cinntí maidir le coibhéis lánroghnach agus nach cuid den Chomhaontú Trádála agus Comhair iad; ag tabhairt dá haire freisin cinntí na Ríochta Aontaithe maidir le coibhéis i ndáil le AE agus freisin i ndáil le tíortha eile nach bhfuil in AE amhail an Eilvéis, inar comhaontaíodh stádas aitheantais fhrithpháirtigh; á mheabhrú go bhféadfadh cinntí maidir le coibhéis dul chun tairbhe ghnólachtaí AE ó thaobh rochtain níos fearr ar mhargadh na Ríochta Aontaithe, lena n-áirítear do bhaincéireacht, seirbhísí íocaíochta, seirbhísí infheistíochta agus árachas; á thabhairt dá haire nár dheonaigh AE stádas coibhéise don Ríocht Aontaithe ach in aon réimse

[1] Legislation.gov.uk, ‘The Subsidy Control Act 2022: Caibidil 23', 28 Aibreán 2022 .
[2] Miontuairiscí chruinniú an Choiste Comhpháirtíochta Trádála an 1 Nollaig 2022.
[3] *The Financial Times*, ‘EU to raise concerns over UK’s freeports scheme’, 30 Samhain 2022.
[4] Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach (IO L 330, 23.12.2022, lch. 1).
[5] Reuters, ‘EU restarts work on EU-UK regulatory forum after Northern Ireland deal’, 8 Márta 2023.

amháin — contrapháirtithe lárnacha — ar bhonn teoranta ama, ar cuireadh síneadh leis le déanaí go dtí 2025; á iarraidh go mbreithneofaí tuilleadh cinntí coibhéise i gcás ina bhfuil na torthaí i gcomhréir le caighdeáin agus cuspóirí AE; á thabhairt dá haire, ina leith sin, gur chuir an Coimisiún in iúl roimhe seo go bhféadfadh measúnuithe coibhéise don Ríocht Aontaithe atosú a luaithe a chomhaontófar an Meabhrán Tuisceana[6]; á thabhairt dá haire, amhail ó mhí Dheireadh Fómhair 2021, gur dheonaigh AE 22 chinneadh coibhéise do na Stáit Aontaithe i gcomparáid le cinneadh amháin i gcás na Ríochta Aontaithe[7]; á aithint, cé gur tosca teicniúla iad measúnuithe coibhéise den chuid is mó, go bhfuil tosca polaitiúla níos leithne ábhartha, agus go dtacaíonn sí le seasamh an Choimisiúin gur cheart cinntí maidir le coibhéis a dhéanamh nuair is chun leasa an Aontais iad; á mholadh don Choimisiún tuilleadh cinntí coibhéise a phlé chun tairbhí níos fearr a chur ar fáil do ghnólachtaí an Aontais agus na Ríochta Aontaithe araon maidir le rochtain ar an margadh;

5. á thabhairt dá haire go léirítear leis an Athbhreithniú ar Chreat Rialála an Rialtais sa Todhchaí de chuid Rialtas na Breataine agus leis an mBille um Sheirbhísí Airgeadais agus Margaí[8], a foilsíodh ina dhiaidh sin, ina moltar dlí AE i réimse na seirbhísí airgeadais a aisghairm, a ionadú nó a leasú, chomh maith le freagracht níos mó a tharmligean chuig rialtóirí na Ríochta Aontaithe, gur mian leo rialacháin éagsúla a ghlacadh ó AE maidir le seirbhísí airgeadais; á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag éagsúlachtaí iomarcacha rialála ar chomhar airgeadais idir an Ríocht Aontaithe agus AE agus go bhféadfadh siad an bonn a bhaint de shreafaí airgeadais agus de ghníomhaíochtaí eintiteas airgeadais; á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn a rinne AE le déanaí maidir le reachtaíocht i ndáil le seirbhísí airgeadais, fiú i gcás ina bhféadfadh éagsúlacht rialála ón Ríocht Aontaithe a bheith mar thoradh air sin, lena n-áirítear maidir le criptea-airgeadraí, airgeadas inbhuanaithe, tacsanomaíocht, liostú agus frithsciúradh airgid; á aithint, áfach, go bhféadfaidh an Ríocht Aontaithe agus AE cuir chuige rialála éagsúla a ghlacadh i réimse na seirbhísí airgeadais agus nach gá go gcoimeádfadh siad córas rialála comhchuibhithe; ag tacú le dul chun cinn reachtach AE sa réimse sin; á chur i bhfáth, áfach, na tairbhí a bhaineann le comhar rialála amach anseo agus le páirt a ghlacadh i bhforbairt agus i gcomhtháthú caighdeán idirnáisiúnta;

6. ag tabhairt dá haire uaillmhian na Ríochta Aontaithe í féin a bhunú mar lárionad domhanda don airgeadas digiteach agus do chriptea-shócmhainní trí roinnt tionscnamh rialála agus maoirseachta; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cur chuige comhordaithe agus comhar feabhsaithe a fhorbairt i réimse na criptea-rialála agus na criptea-maoirseachta chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na rioscaí do chosaint tomhaltóirí, do shláine an mhargaidh agus do sciúradh airgid, chomh maith lena dtionchar ar an gcomhshaol a mhaolú agus chun arbatráiste rialála a chosc;

7. á chur i bhfáth, i réimsí áirithe amhail ceanglais chaipitil in earnáil na baincéireachta, gurb iad caighdeáin arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta amhail na caighdeáin a

[6] https://www.reuters.com/business/finance/britain-eu-edge-forward-with-financial-services-forum-plan-2021-02-23/.
[7] Coiste um Ghnóthaí Eorpacha Theach na dTiarnaí, 'An chéad Tuarascáil ó Sheisiún 2022–23: An caidreamh idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach maidir le seirbhísí airgeadais', 23 Meitheamh 2022.
[8] Parlaimint na Ríochta Aontaithe, 'Bille um Sheirbhísí Airgeadais agus Margaí', 11 Bealtaine 2023

eascraíonn as Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht an bhunlíne rialála i gcónaí;

8. á thabhairt dá haire go dtugann an Comhaontú Trádála agus Comhair deis don Aontas a bhonneagar agus a shaineolas seirbhísí airgeadais féin a fhorbairt agus a neartú chun iomaíochas gnó, infheistíocht, cobhsaíocht eacnamaíoch agus cosaint tomhaltóirí a chur chun cinn; ag tacú go láidir le comhlánú aontas na margaí caipitil agus an aontais baincéireachta, bunaithe ar chur chuige atá réamhbhreathnaitheach, nuálach agus iomaíoch; á aithint go bhfuil Cathair Londan fós ina lárionad domhanda do sheirbhísí airgeadais, áit a bhfuil clúdach domhanda aici, a bhféadfadh gnólachtaí AE tairbhe a bhaint as rochtain a fháil air[9]; ag aithint a thábhachtaí atá earnáil láidir seirbhísí airgeadais don Aontas agus don Ríocht Aontaithe araon agus ag tacú le hiarrachtaí chun bonneagar agus saineolas sheirbhísí airgeadais an Aontais a fheabhsú;

9. á iarraidh go n-oibreodh AE le comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe agus mórionaid airgeadais dhomhanda eile, chun noirm agus caighdeáin choiteanna a chur chun cinn in earnáil na seirbhísí airgeadais, chun trádáil trasteorann a éascú agus chun cobhsaíocht an chórais airgeadais a áirithiú;

10. ag tacú le haidhmeanna an athbhreithnithe atá beartaithe ag an gCoimisiún ar an Rialachán maidir le Bonneagar Margaidh Eorpach (EMIR) i ndáil le feabhas a chur ar acmhainneacht agus ar bhonneagar atá bunaithe san Aontas i limistéar an imréitigh euro; á thabhairt dá haire go bhfuil an tAontas ag brath go mór ar Thithe Imréitigh Lár-Chontrapháirtí áirithe tríú tír[10]; á aithint go bhfuil riosca straitéiseach, lena n-áirítear don chobhsaíocht airgeadais, ag baint le formhór an imréitigh euro a dhéantar lasmuigh den Aontas; á aithint freisin go bhféadfadh míshocracht, ilroinnt sa mhargadh, bearta díoltais, caillteanas iomaíochais agus leachtacht laghdaithe a bheith i gceist le haon athlonnú éigeantach; á iarraidh go dtacódh na comhreachtóirí le gníomhaíocht sa réimse sin ar bhealach atá éifeachtach, comhréireach agus neamh-shuaiteach agus go mbeadh sé mar aidhm léi acmhainneachtaí imréitigh an Aontais a neartú; á mholadh go mbeadh cur chuige cothrom ann lena dtugtar aghaidh ar na rioscaí straitéiseacha, lena n-áirítear maidir le cobhsaíocht airgeadais an imréitigh euro lasmuigh de AE, agus aon chur isteach a d'fhéadfadh a bheith ar an margadh á íoslaghdú ag an am céanna;

11. á aithint nár cheart go mbeadh an sprioc maidir le neamhspleáchas straitéiseach oscailte ina bacainn ar na tairbhí a bhaineann le córas airgeadais idirnasctha domhanda; ag tabhairt rabhaidh i gcoinne na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le díriú rómhór ar neamhspleáchas straitéiseach ar bhealach a bhféadfadh leithlisiú nó caomhnaitheacht san earnáil airgeadais a bheith mar thoradh air, lena n-áirítear an baol a bhaineann le díospóidí trádála agus gníomhaíochtaí díoltacha;

---

[9] Reuters, '[London is top global finance centre but lags in key areas, says study](#)', 27 Eanáir 2022.

[10] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an 7 Nollaig 2022 dar teideal 'Tuarascáil ar an measúnú tionchair a ghabhann le doiciméad Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2017/1131 a mhéid a bhaineann le bearta chun neamhchosaintí iomarcacha ar chontrapháirtithe lárnacha tríú tír a mhaolú agus éifeachtúlacht mhargaí imréitigh an Aontais a fheabhsú agus Togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2009/65/AE, 2013/36/AE agus (AE) 2019/2034 a mhéid a bhaineann le láimhseáil an riosca comhchruinnithe i leith contrapháirtithe lárnacha agus an riosca contrapháirtí ar idirbhearta díorthach a imréitítear go lárnach (SWD(2022)0697).

12. ag tacú go láidir le comhar leanúnach idir AE agus an Ríocht Aontaithe i réimsí a bhaineann le gnóthaí airgeadais, eacnamaíocha agus airgeadaíochta atá chun leasa fhrithpháirtigh, lena n-áirítear dul i ngleic le sciúradh airgid idirnáisiúnta agus maoiniú sceimhlitheoireachta, córais chánach dhíobhálacha a chomhrac, smachtbhannaí a chur chun feidhme, dul i ngleic le calaois chustaim, cothrom iomaíochta a áirithiú agus cobhsaíocht airgeadais dhomhanda a chur chun cinn;

13. á mheabhrú go measann an Coimisiún[11] gur críoch é Giobráltar atá thíos le heasnaimh straitéiseacha ina chóras frithsciúrtha airgid agus frithmhaoinithe sceimhlitheoireachta, ar bagairtí suntasacha iad ar chóras airgeadais AE; ag tathant ar an gCoimisiún forálacha a áireamh sa chomhaontú leis an Ríocht Aontaithe maidir le Giobráltar lena ráthaítear caighdeáin frithsciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta atá coibhéiseach le caighdeáin AE;

14. á aithint go leanfaidh na dlúthnaisc eacnamaíocha idir Éire agus Tuaisceart Éireann d'ainneoin gur cuid de thríú tír ainmnithe í Tuaisceart Éireann; ag tacú le haitheantas a thabhairt do na naisc eacnamaíocha sin, lena n-áirítear maidir le maoirseacht a dhéanamh ar idirbhearta idir an dá dhlínse; á iarraidh go ndéanfaí bearta chun a áirithiú nach gcuirfear isteach ar naisc den sórt sin mar gheall ar aon athruithe ar chreataí rialála nó dlíthiúla, go háirithe i ndáil le seirbhísí a sholáthraítear do thomhaltóirí agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, nach féidir leo leas a bhaint as a bheith soghluaiste; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé dlúthnaisc eacnamaíocha a chothabháil agus a fhorbairt tuilleadh agus cur isteach a íoslaghdú i ndiaidh Brexit, go háirithe i ndáil leis an gcaidreamh sin;

15. á aithint, tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, gur fhógair roinnt gnólachtaí seirbhísí airgeadais atá lonnaithe i Londain go raibh sé ar intinn acu láithreacht nua a bhunú san Aontas agus roinnt sócmhainní a athlonnú chuig AE, agus thug meastacháin le fios go bhfuil 44 % de na gnólachtaí seirbhísí airgeadais is mó de chuid na Ríochta Aontaithe ag fógairt pleananna chun roinnt ball foirne nó oibríochtaí[12]a bhogadh cé nach bhfuil ach 7 000 post athlonnaithe as Londain go dtí seo agus i bhfad faoi bhun na meastachán tosaigh de 75 000[13]; ag tacú le hiarrachtaí na mBallstát féachaint chun infheistíocht ghnó a mhealladh tar éis Brexit; á thabhairt dá haire gur díríodh ar roinnt cathracha AE ó thaobh infheistíocht i dtionscal na seirbhísí airgeadais tar éis Brexit, lena n-áirítear Páras, Frankfurt, Amstardam, Lucsamburg agus Baile Átha Cliath; á thabhairt dá haire gur shainaithin an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) in *'Peer review into the NCAs' handling of relocation to the EU in the context of the UK's withdrawal from the EU'*[14] [Athbhreithniú Piaraí ar an gcaoi a

---

[11] Nicearagua, an Phacastáin agus an tSiombáib ón tábla sin. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32023R0410.

[12] Staidéar — 'Recent trends in UK financial sector regulation and possible implications for the EU, including its approach to equivalence'[Treochtaí le déanaí i rialáil na hearnála airgeadais sa Ríocht Aontaithe agus na himpleachtaí féideartha do AE, lena n-áirítear a chur chuige i leith coibhéise], Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, 8 Feabhra 2023.

[13] EY, 'EY Financial Services Brexit Tracker: Movement within UK financial services sector stabilises five years on from Article 50 trigger', 29 Márta 2022, Londain; An Coiste um Ghnóthaí Eorpacha de Theach na dTiarnaí, '1st Report of Session 2022–23: The UK-EU relationship in financial services', 23 Meitheamh 2022.

[14] ESMA42-111-7468, *Peer review into the NCAs' handling of relocation to the EU in the context of the UK's withdrawal from the EU'* [Athbhreithniú Piaraí ar an gcaoi a láimhseáil NCAnna athlonnú chuig AE i

láimhseáil NCAnna athlonnú chuig AE i gcomhthéacs tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as AE] roinnt easnamh maidir leis an gcaoi ar láimhseáil údaráis inniúla na mBallstát an próiseas athlonnaithe; sa chomhthéacs sin, ag tarraingt aird ar na dea-chleachtais a sainaithníodh sa tuarascáil athbhreithnithe piaraí, agus ar phrionsabail earnáilsonracha ESMA maidir le hathlonnuithe ón Ríocht Aontaithe chuig AE27[15]; á chur in iúl gur geal léi faireachán leanúnach na nÚdarás Maoirseachta Eorpach ar chleachtais mhaoirseachta agus measúnú á dhéanamh ar athlonnú gnólachtaí chuig AE[16]; á chur i bhfáth gur gá leanúint de bheith ag obair chun an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche agus Aontas na Margaí Caipitil a dhoimhniú chun cosc a chur le comhchruinniú breise ar mhoil airgeadais agus chun tairbhe a bhaint as éifeachtúlachtaí scála;

16. á mheabhrú go ndearnadh gealltanas, sa chéad Dearbhú Comhpháirteach a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, maidir le Meabhrán Tuisceana a shíniú maidir le comhar rialála seirbhísí airgeadais idir AE agus an Ríocht Aontaithe, rud nach doiciméad dlíthiúil a bheadh ann ach a chuirfeadh bonn ar fáil do rannpháirtíocht rialta, struchtúrtha; á thabhairt dá haire go bhfuil an meabhrán sin tugtha chun críche agus glactha ag an gCoimisiún; á chur in iúl gur geal léi síniú rathúil na Meabhrán Tuisceana déthaobhacha idir rialtóirí agus maoirseoirí AE agus na Ríochta Aontaithe ar leibhéal AE agus ar leibhéal na mBallstát araon, lena n-áirítear idir an tÚdarás um Iompar Airgeadais agus an tÚdarás Baincéireachta Eorpach agus ESMA, Meabhrán Tuisceana iltaobhach le hÚdaráis Inniúla Náisiúnta AE agus an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch; agus Meabhráin Thuisceana aonair le hÚdaráis Inniúla Náisiúnta[17];

17. á chur in iúl gur geal léi gur shínigh an Coimisiún agus Státchiste na Banríona an Meabhrán Tuisceana maidir le Comhar Seirbhísí Airgeadais idir AE agus an Ríocht Aontaithe, lena mbunaítear creat do chomhar rialála seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear fóram rialála nua; á chur in iúl gur geal léi an moladh go dtiocfadh an fóram le chéile go leathbhliantúil ar a laghad; á thabhairt dá haire, inter alia, go bhféadfaidh an fóram plé a dhéanamh ar aon saincheist atá ábhartha maidir le comhar rialála i réimse na seirbhísí airgeadais agus go bhféadfaí a áireamh ann comhroinnt faisnéise maidir le forbairtí rialála, malartuithe tuairimí maidir le beartais, rialacha agus próisis faoi seach a bhaineann le córais iarchurtha, amhail coibhéis, agus idirphlé maidir leis na hanailísí riosca agus na tionchair eacnamaíocha a d’fhéadfadh a bheith ag na bearta atá beartaithe; á iarraidh go ndéanfadh na rannpháirtithe tús a chur le cruinnithe an fhóraim a luaithe is féidir;

18. á chur i bhfáth nach mór don fhóram sin feidhmiú ar bhealach trédhearcach le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí de réir mar is iomchuí; á thabhairt dá haire, tar éis roinnt blianta de shuaitheadh, go dteastaíonn soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil ó institiúidí agus ó infheisteoirí in AE agus sa Ríocht Aontaithe chun cinntí agus infheistíochtaí gnó a dhéanamh;

gcomhthéacs tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as AE] (https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/library/esma42-111-7468_brexit_peer_review_report.pdf ).

[15] ESMA71-99-526.

[16] https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/library/esma42-111-7468_brexit_peer_review_report.pdf.

[17] The Financial Conduct Authority, ‘MoUs with European authorities in the areas of securities, investment services and asset management, insurance and pensions, and banking’, 4 Eanáir 2021.

19. á chur i bhfáth gur cheart do na páirtithe san fhóram a bheith rannpháirteach i spiorad an chomhair dhílis chun a áirithiú go mbeidh an caidreamh cuiditheach agus go mbeidh na comhchuspóirí maidir le cobhsaíocht airgeadais agus cosaint tomhaltóirí a chosaint mar bhonn taca leis;

20. á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear malartuithe tuairimí maidir le cinntí coibhéise faoi shainchúram an Fhóraim um Chomhar Rialála; á iarraidh go ndéanfar saincheisteanna den sórt sin a phlé agus a scrúdú go rialta, go háirithe maidir le seirbhísí airgeadais agus infheistíochta, ar mhaithe le trádáil agus comhar méadaithe;

21. á iarraidh go mbainfeadh na páirtithe leas as an bhfóram chun bagairtí frithpháirteacha ar chobhsaíocht airgeadais agus ar chosaint tomhaltóirí a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu, chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac, agus chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairtí agus nuálaíochtaí nua sna margaí, chun cur chuige comhsheasmhach a chur chun cinn i gcás inar féidir;

22. á thabhairt dá haire go bhfuil acmhainneacht ag an fhóram chun creat a chur ar fáil le haghaidh réiteach díospóidí idir an dá pháirtí i réimse na rialála seirbhísí airgeadais; á chur in iúl gur geal léi an acmhainneacht sin agus á iarraidh go mbeadh an dá pháirtí rannpháirteach ar bhealach cuiditheach agus de mheon macánta;

23. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún an Pharlaimint a choimeád ar an eolas go hiomlán maidir le hoibriú an fhóraim agus an Meabhrán Tuisceana;

24. á athdhearbhú go láidir a thábhachtaí atá sé Comhaontú Aoine an Chéasta a chosaint ina iomláine agus tacú leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas i dTuaisceart Éireann; ag moladh gur thángthas ar chomhaontú maidir le Creat Windsor[18], lena n-áiritheofar cur chun feidhme solúbtha ach éifeachtach Phrótacal Thuaisceart Éireann agus urraim do Chomhaontú Aoine an Chéasta, agus sláine mhargadh aonair AE á cosaint ag an am céanna, agus go bhfuil sé fógartha ag Rialtas na Breataine go bhfuil sé ar intinn aige obair ar Bhille Prótacail Thuaisceart Éireann a chur ar fionraí agus ligean dó dul in éag; ag spreagadh Rialtas na Breataine imthosca sonracha Thuaisceart Éireann a chur san áireamh in aon dlíthe nó rialacháin nua a bheartaíonn sé a thabhairt isteach;

25. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún, i gcomhar leis an mBanc Ceannais Eorpach, leis na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach agus leis an mBord Réitigh Aonair, an Pharlaimint a choinneáil ar an eolas go hiomlán maidir leis an bhfaireachán ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair agus maidir le forbairtí ábhartha uile an mhargaidh i seirbhísí airgeadais, chun aon suaitheadh a d’fhéadfadh a bheith sa mhargadh agus bagairtí ar chobhsaíocht airgeadais, ar shláine an mhargaidh agus ar chosaint infheisteoirí a shainaithint go tráthúil.

[18] Rialtas an Rí,'Creat Windsor: Bealach nua chun cinn', Feabhra 2023.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Riail 58 – An nós imeachta comhchoiste**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | <br>15.12.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 18.7.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 58<br>–: 0<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Anna-Michelle Asimakopoulou, Marek Belka, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Gilles Boyer, Engin Eroglu, Markus Ferber, Jonás Fernández, Giuseppe Ferrandino, Claude Gruffat, José Gusmão, Eero Heinäluoma, Michiel Hoogeveen, Danuta Maria Hübner, Othmar Karas, Ondřej Kovařík, Georgios Kyrtsos, Aurore Lalucq, Aušra Maldeikienė, Pedro Marques, Costas Mavrides, Siegfried Mureşan, Caroline Nagtegaal, Denis Nesci, Luděk Niedermayer, Dimitrios Papadimoulis, Lídia Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Eva Maria Poptcheva, Antonio Maria Rinaldi, Dorien Rookmaker, Alfred Sant, Joachim Schuster, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli, Inese Vaidere, Stéphanie Yon-Courtin, Roberts Zīle |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marc Angel, Herbert Dorfmann, Bas Eickhout, Gianna Gancia, Henrike Hahn, Chris MacManus, Ville Niinistö, Johan Nissinen, Erik Poulsen |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Paolo Borchia, Marco Campomenosi, Deirdre Clune, Christian Doleschal, Kinga Gál, Ska Keller, Liudas Mažylis, Maria Veronica Rossi, Günther Sidl, Stefania Zambelli |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 58 | + |
|---|---|
| ECR | Michiel Hoogeveen, Denis Nesci, Dorien Rookmaker, Roberts Zīle |
| ID | Paolo Borchia, Marco Campomenosi, Gianna Gancia, Antonio Maria Rinaldi, Maria Veronica Rossi, Stefania Zambelli |
| NI | Kinga Gál |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Deirdre Clune, Christian Doleschal, Herbert Dorfmann, Markus Ferber, Danuta Maria Hübner, Othmar Karas, Aušra Maldeikienė, Liudas Mažylis, Siegfried Mureşan, Luděk Niedermayer, Lídia Pereira, Inese Vaidere |
| Renew | Gilles Boyer, Engin Eroglu, Giuseppe Ferrandino, Ondřej Kovařík, Georgios Kyrtsos, Caroline Nagtegaal, Eva Maria Poptcheva, Erik Poulsen, Stéphanie Yon-Courtin |
| S&D | Marc Angel, Marek Belka, Jonás Fernández, Eero Heinäluoma, Aurore Lalucq, Pedro Marques, Costas Mavrides, Alfred Sant, Joachim Schuster, Günther Sidl, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli |
| An Chlé | José Gusmão, Chris MacManus, Dimitrios Papadimoulis |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, Bas Eickhout, Claude Gruffat, Henrike Hahn, Ska Keller, Ville Niinistö, Kira Marie Peter-Hansen |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ECR | Johan Nissinen |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh